# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1225 ÓN gCOIMISIÚN

**an 27 Iúil 2021**

**lena sonraítear na socruithe le haghaidh na malartuithe sonraí de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann leis an mBallstát onnmhairíochta lasmuigh den Aontas agus oibleagáidí na n-aonad tuairiscithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(5) agus Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Na socruithe maidir le malartú sonraí i dtaca le faisnéis staidrimh a bhaineann le honnmhairí agus allmhairí earraí, ar faisnéis í atá le soláthar ag údaráis chustaim agus chánach gach Ballstáit do na hÚdaráis Staidrimh Náisiúnta (ÚSNanna) inniúla, is socruithe iad is gá a shonrú.

(2) Is éard a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/2152 malartú micreashonraí ó dhearbhuithe custaim idir ÚSNanna na mBallstát chun críocha staidrimh, chun staitisticí comhchuibhithe a chur ar fáil i dtaobh le trádáil idirnáisiúnta earraí, sin agus chun cáilíocht na staitisticí sin a fheabhsú. Ní mór na socruithe a shonrú le haghaidh an mhalartaithe micreashonraí sin idir na NSAnna, chun a raon feidhme a shainiú, chun na micreashonraí atá le malartú a liostú, agus chun an fhormáid a bhunú mar aon leis na bearta slándála agus an nós imeachta maidir le malartú na sonraí sin.

(3) Ní mór Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún ([2]) a leasú a mhéid a bhaineann leis an gcéad tréimhse tagartha chun an sainmhíniú ar Bhallstát onnmhairíochta lasmuigh den Aontas a chur i bhfeidhm, agus cur i bhfeidhm an tsainmhínithe sin a chur siar 2 bhliain. Is é an fáth atá leis sin chun a áirithiú go mbeidh na NSAnna in ann earraí atá á samhail-onnmhairiú a shainaithint agus an Ballstát onnmhairíochta iarbhír a chinneadh go comhleanúnach, le cúnamh na micreashonraí atá le malartú, agus chun cur ar chumas NSAnna cáilíocht na staitisticí arna tháirgeadh a áirithiú.

(4) Ní mór freisin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 a leasú a mhéid a bhaineann leis na hoibleagáidí atá ar allmhaireoirí agus ar onnmhaireoirí cabhrú le NSAnna saincheisteanna faoi cháilíocht sonraí a shoiléiriú.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

([1]) IO L 327, 17.12.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2020 lena leagtar síos sonraíochtaí agus socruithe teicniúla de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 271, 18.8.2020, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Is éard a shonraítear sa Rialachán seo na socruithe le haghaidh malartuithe sonraí idir údaráis chustaim agus údaráis staidrimh náisiúnta (ÚSNanna), agus le haghaidh na malartuithe sonraí idir údaráis chánach agus ÚSNanna. Sonraítear ann freisin na socruithe maidir le malartú micreashonraí ó dhearbhuithe custaim a bhfuil baint acu le honnmhairiú agus allmhairiú earraí idir ÚSNanna.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn "imréiteach láraithe san idirthréimhse" imréiteach láraithe de réir bhrí Airteagal 179 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), imréiteach a bhaineann le húdaráis chustaim níos mó ná Ballstát amháin agus ina leagtar amach na modhanna malartaithe faisnéise idir na húdaráis chustaim le hAirteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ón gCoimisiún ([5]);

(b) ciallaíonn "an Ballstát atá ag seoladh" an Ballstát ina dtaisctear an dearbhú custaim, i gcás ina dtagraíonn na taifid ó dhearbhuithe custaim d'imréiteach láraithe le linn na hidirthréimhse, sin nó d'earraí sa samhail-onnmhairiú;

(c) ciallaíonn "an Ballstát is faighteoir" an Ballstát a fhaigheann micreashonraí ón mBallstát a sheolann iad.

*Airteagal 3*

**Na socruithe malartaithe sonraí idir údaráis chustaim agus údaráis staidrimh náisiúnta (ÚSNanna)**

1. Na taifid ó dhearbhuithe custaim dá dtagraítear i bpointe (c) d'Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2019/2152, is taifid iad a chuirfidh na húdaráis chustaim ar fáil gan mhoill dá gcuid NSAnna, ar a dhéanaí le linn na míosa tar éis na míosa ar glacadh leis na dearbhuithe custaim, nó a raibh siad faoi réir cinntí ó lucht custaim ina leith.

2. I gcás ina ndéanfar na taifid ó dhearbhuithe custaim a leasú nó a athrú, cuirfidh na húdaráis chustaim faisnéis athbhreithnithe ar fáil dá gcuid NSAnna.

3. Ar iarratas ó na NSAnna, fíoróidh na húdaráis chustaim cruinneas agus iomláine na dtaifead ó na dearbhuithe custaim a bheidh curtha ar fáil acu.

*Airteagal 4*

**Socruithe maidir le malartú sonraí idir údaráis chánach agus údaráis náisiúnta staidrimh**

1. An fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2019/2152, déanfaidh na húdaráis chánach í a sholáthar dá gcuid NSAnna tar éis dóibh an fhaisnéis a fháil, ar a dhéanaí le linn na míosa tar éis na míosa ar cuireadh an fhaisnéis ar fáil.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/341 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha idirthréimhseacha maidir le forálacha áirithe de chuid Chód Custaim an Aontais i gcás nach bhfuil na córais leictreonacha ábhartha ag feidhmiú go fóill agus lena leasaítear Rialachán Tarmligean (AE) 2015/2446 (IO L 69, 15.3.2016, lch. 1).

2. I gcás ina ndéanfar an fhaisnéis arna soláthar ag na húdaráis chánach a leasú nó a athrú, cuirfidh na húdaráis chánach faisnéis athbhreithnithe ar fáil dá gcuid NSAnna.

3. Fíoróidh na húdaráis chánach cruinneas agus iomláine na faisnéise atá soláthraithe acu ach a n-iarrfaidh a gcuid NSAnna sin.

*Airteagal 5*

**Socruithe maidir le malartú micreashonraí ó dhearbhuithe custaim idir Ballstáit chun críocha staidrimh**

1. I gcás ina ndéanfar tagairt sna taifid ó dhearbhuithe custaim d'imréiteach láraithe le linn na hidirthréimhse, sin nó tagairt d'earraí sa samhail-onnmhairiú, NSA an Bhallstáit atá ag seoladh, déanfaidh sé na micreashonraí a sholáthar do NSA an Bhallstáit atá á nglacadh, ar micreashonraí iad a bhaineann le honnmhairiú nó allmhairiú earraí arna gcur ar fáil ag údarás custaim an Bhallstáit seolta.

2. I gcás ina dtagraíonn na taifid ó dhearbhuithe custaim d'imréiteach láraithe le linn na hidirthréimhse, is é an Ballstát is faighteoir an Ballstát ar ina chríoch staidrimh atá na hearraí suite an tráth a scaoiltear isteach sa nós imeachta custaim iad, sin nó an tráth a n-athonnmhairithe.

3. I gcás ina ndéantar tagairt sna taifid ó dhearbhuithe custaim d'earraí atá á samhail-onnmhairiú, cás dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, Roinn 1 (l) de Rialachán (AE) 2020/1197, is é an Ballstát is faighteoir an Bhallstát onnmhairíochta iarbhír, dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, Roinn 17(2), an dara fomhír de Rialachán (AE) 2020/1197.

4. Na micreashonraí dá dtagraítear i mír 1, beidh seo san áireamh leo:

(a) i gcás ina dtagraíonn na taifid ó dhearbhuithe custaim d'allmhairí faoi imréiteach láraithe le linn na hidirthréimhse, na micreashonraí mar a leagtar amach i gcolún C1 den Iarscríbhinn;

(b) i gcás ina dtagraíonn sna taifid ó dhearbhuithe custaim d'onnmhairí faoi imréiteach láraithe le linn na hidirthréimhse, na micreashonraí mar a leagtar amach i gcolún C2 den Iarscríbhinn;

(c) i gcás ina dtagraíonn na taifid ó dhearbhuithe custaim d'earraí atá á samhail-onnmhairiú, na micreashonraí mar a leagtar amach i gcolún C3 den Iarscríbhinn.

5. Na meiteashonraí ábhartha chun micreashonraí a úsáid a mhalartaítear i dtiomsú staidrimh, déanfaidh NSA an Bhallstáit atá ag seoladh na meiteashonraí a sholáthar do NSA an Bhallstáit is faighteoir.

6. I gcás inarb é an Ballstát atá ag seoladh an Ballstát onnmhairíochta iarbhír, dá dtagraítear i Roinn 17(2), an dara fomhír d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2020/1197, ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 5.

*Airteagal 6*

**Tráthchlár don mhalartú micreashonraí idir na Ballstáit**

1. Na micreashonraí dá dtagraítear in Airteagal 5, déanfaidh NSA an Bhallstáit atá ag seoladh iad a sholáthar do NSA an Bhallstáit is faighteoir 30 lá féilire ar a dhéanaí tar éis dheireadh na míosa tagartha.

2. I gcás ina mbeidh taifid bhreise, leasaithe nó athraithe ó dhearbhuithe custaim ar fáil do NSA an Bhallstáit atá ag seoladh tar éis an spriocdháta dá dtagraítear i mír 1, soláthróidh NSA an Bhallstáit seolta na micreashonraí athbhreithnithe do NSA an Bhallstáit is faighteoir a thúisce is féidir, ar a dhéanaí 30 lá féilire tar éis dheireadh na míosa ina mbeidh na taifid bhreise, leasaithe nó athraithe ó dhearbhuithe custaim ar fáil.

*Airteagal 7*

**Bearta slándála**

I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Chinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún [6], chun a bheith i dteideal micreashonraí agus meiteashonraí a fháil i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, na NSAnna a fhaigheann na micreashonraí agus na meiteashonraí sin nó a phróiseálann iad sa Bhallstát is faighteoir, ní mór dóibh a áirithiú go bhfuil a gcórais TF á gcosaint ar leibhéal atá coibhéiseach le beartas slándála córas cumarsáide agus faisnéise an Choimisiúin, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2017/46 [7] ón gCoimisiún, ina chuid rialacha cur chun feidhme, agus sna caighdeáin slándála chomhfhreagracha atá aige.

*Airteagal 8*

**Cosaint sonraí**

Maidir le próiseáil sonraí pearsanta, is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chuirfidh NSAnna a gcúraimí i gcrích chun críocha an Rialacháin seo [8].

Maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann an Coimisiún (Eurostat), comhlíonfaidh sé Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [9].

*Airteagal 9*

**Formáid na micreashonraí agus na meiteashonraí a mhalartaítear agus an nós imeachta don mhalartú**

1. Na micreashonraí agus na meiteashonraí a dhéanfar a mhalartú i gcomhréir le hAirteagal 5, malartófar iad i bhfoirm leictreonach, agus déanfar iad a tharchur nó a uaslódáil trí phointe iontrála aonair an Choimisiúin (Eurostat) i gcás micreashonraí agus, i gcás inarb iomchuí i gcás meiteashonraí.

2. Is i gcomhréir leis na treoirlínte cur chun feidhme atá soláthraithe ag an gCoimisiún (Eurostat) ba cheart do na Ballstáit na caighdeáin mhalartaithe a chur chun feidhme.

*Airteagal 10*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 mar a leanas:

(a) in Iarscríbhinn V, Roinn 2(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe

“(a): ciallaíonn ‘Ballstát onnmhairíochta lasmuigh den Aontas’ an Ballstát a bhfuil na hearraí ar láthair a chríoch an tráth a scaoiltear isteach sa nós imeachta custaim iad, sin nó tráth a n-athonnmhairithe.

Mar sin féin, i gcás earraí samhail-onnmhairithe, más féidir ‘an Ballstát onnmhairíochta iarbhíre’ a chinneadh mar atá sonraithe sa dara fomhír de Roinn 17(2) den Iarscríbhinn seo, is é an ‘Ballstát onnmhairithe iarbhír’ an ‘Ballstát onnmhairithe lasmuigh den Aontas’ ón tréimhse thagartha Eanáir 2024 ar aghaidh.”;

[6] Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le Slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

[7] Cinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil cumarsáide agus córas faisnéise arna n-úsáid ag an gCoimisiún Eorpach (IO L 6, 11.1.2017, lch. 40).

[8] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[9] Cinneadh (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(b) in Iarscríbhinn V, cuirtear an méid seo a leanas in ionad roinn 8(3):

"3. Maidir leis an allmhaireoir sa Bhallstát allmhairíochta, nó an t-onnmhaireoir sa Bhallstát onnmhairíochta, beidh sé d'oibleagáid orthu cabhrú leis an NSA sa Bhallstát allmhairíochta nó sa Bhallstát onnmhairíochta faoi seach, chun saincheisteanna faoi cháilíocht sonraí a bhaineann le faisnéis staidrimh a shoiléiriú, go heisiach chun críche dearbhú cáilíochta na sonraí maidir leis an trádáil idirnáisiúnta in earraí.".

*Airteagal 11*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Micreashonraí atá le malartú**

Ítimí a bhfuil “M” marcáilte orthu, is ítimí éigeantacha iad; ítimí a bhfuil “C” marcáilte orthu, is ítimí éigeantacha iad má tá siad ar fáil sa chóras custaim náisiúnta; na hítimí a bhfuil ‘O’ marcáilte orthu, is ítimí roghnacha iad. Na hítimí a bhfuil “-” marcáilte orthu, is ítimí iad nach bhfuil infheidhme.

| A | B | C1 | C2 | C3 |
|---|---|---|---|---|
| | Micreashonraí atá le malartú (1) | Allmhairí imréitigh láraithe | Onnmhairí imréitigh láraithe | Earraí atá á samhail-onnmhairiú |
| | **Grúpa 1 – Ginearálta** | | | |
| 1.1. | An dáta a glacadh leis an dearbhaithe custaim | C | C | C |
| 1.2. | Tréimhse thagartha | M | M | M |
| 1.3. | Sreabhadh | M | M | M |
| 1.4. | Innéacs le haghaidh sonraí custaim a chuirtear i bhfeidhm | M | M | M |
| 1.5. | An Ballstát is Faighteoir | M | M | M |
| 1.6. | Cineál dearbhaithe | C | C | C |
| 1.7. | Cineál dearbhaithe bhreise | C | C | C |
| 1.8. | Nós Imeachta | C | C | C |
| 1.9. | Nósanna imeachta breise | C | C | C |
| 1.10. | Uimhir údaraithe shealbhóir an údaraithe | C | C | - |
| | **Grúpa 2 – Aonaid tomhais** | | | |
| 2.1. | Luach staidrimh | C | C | C |
| 2.2. | Glanmhais | C | C | C |
| 2.3. | Aonaid fhorlíontacha | C | C | C |
| | **Grúpa 3 – Miondealú** | | | |
| 3.1. | Cód earraí ar leibhéal TARIC (cód 10-ndigit) | C | - | - |
| 3.2. | Cód earraí ag leibhéal AC (cód 8-ndigit) | - | C | C |
| 3.3. | Cód na tíre tionscnaimh | C | - | - |
| 3.4. | Cód na tíre tionscnaimh fhabhraigh | C | - | - |
| 3.5. | Cód na tíre seolta/onnmhairithe (Tír an choinsínithe) | C | - | - |
| 3.6. | Cód na tíre cinn scríbe (Tír an chinn scríbe is deireanaí is fios) | - | C | C |
| 3.7. | Cód na tíre cinn scríbe (Ballstát a nglactar leis gurb ann atá an ceann scríbe) | C | - | - |
| 3.8. | Cód na tíre seolta/onnmhairithe (Ballstát na honnmhairíochta iarbhíre) | - | - | C |
| 3.9. | An cineál idirbhirt | C | C | C |
| 3.10. | Fabhar | C | - | - |

| A | B | C1 | C2 | C3 |
|---|---|---|---|---|
| | Micreashonraí atá le malartú [1] | Allmhairí imréitigh láraithe | Onnmhairí imréitigh láraithe | Earraí atá á samhail-onnmhairiú |
| 3.11. | Coimeádán | C | C | C |
| 3.12. | An modh iompair ag an teorainn | C | C | C |
| 3.13. | Modh iompair intíre | C | C | C |
| 3.14. | Airgeadra an tsonraisc | C | C | C |
| | **Grúpa 4 – Páirtithe** | | | |
| 4.1. | Uimhir aitheantais an allmhaireora | C | - | - |
| 4.2. | Uimhir aitheantais an cheannaitheora | C | - | - |
| 4.3. | Uimhir aitheantais an choinsíní [2] | C | - | - |
| 4.4. | Uimhir aitheantais an onnmhaireora | | C | C |
| | **Grúpa 5 – Sonraí roghnacha** | | | |
| 5.1. | Luach iomlán an tsonraisc | O | O | O |
| 5.2. | Ráta malairte | O | - | - |
| 5.3 | Téarmaí seachadta | O | O | O |
| 5.4 | Méid na míre atá luaite sa sonrasc | O | - | - |

[1] An téacs idir lúibíní léiríonn sé an eilimint sonraí staidrimh chomhfhreagrach mar a shonraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1197.

[2] Le haghaidh na gceanglas maidir le sonraí custaim faoi Rialachán (AE) 2016/341 amháin.